

❁ An Lúibín ❁

15 Aibreán 2022

Seoladh

A new book in Irish (already mentioned in An Lúibín) has been launched in Melbourne.

Tá an leabhar curtha amach ar an saol: *Gaeilge Ghriandóite*. Rinneadh é a sheoladh ar an 3 Aibreán 2022 sa Limerick Arms in Melbourne Theas le ceol agus le caint. D'oscail Peter Gavin, cathaoirleach Choiste Oidhreachta an Chlub Cheiltigh, an ócáid, in éineacht le Siobhán Lavin, Rúnaí an Chlub. Ócáid dhátheangach ba ea í: labhair Siún Uí Mhaoldomhnaigh, Gaeilgeoir aitheanta, Kevin Molloy (bainisteoir na lámhscríbhinní i Leabharlann Stáit Victoria) agus triúr de na húdair – Val Noone, Rob Lindsey agus Colin Ryan (bhí Greg Byrnes in Sydney). Tá gach ar tharla le feiceáil ar YouTube: <https://www.youtube.com/watch?v=OxjsJ5sYk2A>.

Gaeilge Ghriandóite: A go Z a hAon an teideal iomlán agus é ag tabhairt le fios go bhféadfadh eagrán eile teacht amach lá éigin. Iontrálacha beathaisnéiseacha atá ann agus eolas iontu ar dhaoine agus ar eagraíochtaí a raibh nó a bhfuil baint acu le saol na Gaeilge san Astráil, in éineacht le brollach, réamhrá, leabharliosta agus pictiúr. I nGaeilge ar fad atá an leabhar – an chéad saothar dá leithéid a foilsíodh riamh san Astráil. Ní gan dua a cuireadh i dtoll a chéile é ach ní olc an toradh a bhí ar an obair. (Tá foirm ordaithe nasctha leis an ríomhphost.)

Q

Quinn, Jim (1853 Co Chiarraí-1936 Melbourne). In 1867 thochail sé amach Cailís Ardach – cailís ardmholta a rinneadh timpeall 750 AD d'airgead, de chre-umha agus d'ór – i ngort prátaí i Ráth an Riaráiste in aice le hArdach, Co Luimnigh. Bhain sé an Astráil amach in 1870 agus bhí sé ina oibrí siúil san Astráil agus sa Nua-Ghuine. Is minic a bhíodh sé ag obair ar an iarnród le cainteoirí Gaeilge ó dheisceart Chiarraí. Dúirt Thomas Culhane gur sheanchaí mór é agus go raibh cuimhne iontach aige.
Noone 2012, 167.

Quilligan, Fodhla, Elizabeth McKeown (1888 Collingwood, Victoria-1985 Melbourne). An duine ba shíne de cheathrar clainne Thomas Quilligan, cairéalaí, agus Catherine Mary Quilligan née McLaughlin. Tháinig a hathair-ó Cho Luimnigh lena mhuintir agus é 14 bliana d'aois agus tháinig a máthair ó Cho na Mí nuair a bhí sí dhá bhliain d'aois. Thug Elizabeth Fodhla uirthi féin os comhair an tsaol, agus deir a lucht aitheantais nach bhfuil aon amhras ná go raibh Gaeilge ar a toil aici. Ba haitéir í agus chaitheadh sí hataí móra faiseanta dá déantús féin. Chuir sí i gcoinne baint a bheith ag Éire leis an gCéad Chogadh Domhanda, rud a d'fhóg nach raibh sí ar aon intinn le ceannairí éigin eile sa phobal Gael-Astráilach. Nuair a dúirt Morgan Jagers léi go raibh sí 'misguided,' dúirt sí: 'True, as Mr Jagers reminds me, I was not born in Erin, but, nevertheless, the fact of me being born in a free country makes me none the less Irish'. In 1916 phós sí Frank McKeown*. Rugadh a gcéad leanbh i mí Mheán Fómhair 1917 agus baisteadh Pearse air: níor mhair sé ach 18 lá. Bhí ceathrar clainne eile acu. Mar Ghaeilgeoir agus mar ghníomhaí, bhí Fodhla orthu siúd a chuir cor nua sa chultúr Gael-Astráilach.
Noone 2012, 111.

R

Raidió eitneach, Ethnic radio, 2EA Sydney, 3EA Melbourne, Special Broadcasting Service (SBS). I Meitheamh 1975, thionscain Al Grassby* craolachán trialach in Sydney, agus beagán ní ba dhéanaí in Melbourne, chun eolas i draobh seirbhís sóisialta a roinnt le inimirigh ina dreangacha féin. Seacht gcinn a bhí sa chéad triail: Araibis, Gréigis, Iodálais, Máltais, Spáinnis, Tuircis agus Seirbea-Chróitis. Faoi 1979 bhí os cionn daichead teanga á gcráladh. Timpeall an ama chéanna, d'éirigh ciall an fhocail 'eitneach' ina cráimh spairne. Thosaigh na Ceiltigh (Albanaigh, Breatnaigh agus Éireannaigh) feachtas chun clár a fháil dóibh féin. Ar dtús, bhí lucht bainistíochta 2EA/3EA ina gcoinne. Ag an 'Ethnic Communities Conference' in 1980, labhair Al Grassby féin amach ar a son: 'It is obvious that something has gone wrong with the term ethnic when ethnic-radio management can deny that Irish language and Irish culture is ethnic.' Ach bhí an beartas rialtais ag athrú ó fhóntachas, cumarsáid le daoine gan Bhéarla, go dtí cothú teanga agus ceart a bheith ag gach Astráilach ar dhátheangas agus ar theanga óidhreachta. Sa chomhthéacs sin, bhuaigh ag na Ceiltigh, agus faoi 1983 bhí clár ag gach dream acu – uair an chloig in aghaidh na míosa ag a 11.00 pm! 'Éire san Astráil' an t-ainm a bhí ar an chláir Éireannach. Clár dátheangach le nuacht, agallaimh agus ceol san áireamh a bhí ann faoi chúram Claire Dunne*, Joseph Connolly*, Margaret Coffey, Eilín Ní Bheaglaíoch*, Vincent Loughnane, Muiris Ó Scanláin* agus morán daoine nach iad ar feadh na mblianta. Nuair a tháinig raidió SBS in áit 2EA/3EA bhí láithreoirí eile ann: Louis De Paor*, Paula Kehoe*, Pádraig Seoighe* agus Colin Ryan*. Ach bhí inimirigh nua ag teacht i gcóras, ó Chem na hAifrice ach go háirithe, agus iad go mór i

New York is the centre of impressive Irish-language networks.

B'fhéidir gurb é Nua-Eabhrac an áit is mó a saothraítear an Ghaeilge lasmuigh d'Éirinn. Bhí slua cainteoirí ann sa 19ú haois, ag labhairt agus fiú ag scríobh na Gaeilge, ach de réir mar a cailleadh na seandaoine agus a chúlaigh an teanga in Éirinn féin, lagaigh an Ghaeilge i Nua-Eabhrac. Mar a tharla in áiteanna eile, rinneadh teanga athbheochana di agus díograiseoirí ar a ndícheall á foghlaim nó á múineadh. Sin mar atá faoi láthair, agus mar a chuir an Gaeilgeoir agus scríbhneoir Séamas Ó Neachtain in iúl le déanaí, tá líonra láidir ann.

Tá dlúthbhaint ag Séamas féin leis an scéal agus é ina eagarthóir ar *An Gael*, iris Ghaeilge a fhoilsítear in Nua-Eabhrac ach a bhfuil daoine as gach cearn ag scríobh dó. (D'eascair sí ó *An Gaodhal*, iris dhátheangach a bhí á foilsiú i Meiriceá ó na 1880idí amach.) In alt dá cuid, 'An Ghaeilge Labhartha i Nua-Eabhrac' (cuid 4), *An Gael*, Geimhreadh 2021, ciorann sé cuid dá bhfuil ar siúl: 'Tá a lán daoine ann ag múineadh is ag sú isteach na Gaeilge ar fud na háite.' Ranganna sa Bhablóin (Babylon, ceantar in Nua-Eabhrac) agus daoine ag teacht le chéile chun Gaeilge a labhairt. Ranganna Gaeilge san Irish Arts Centre agus laethanta Gaeilge le ceardlanna agus deis chun cainte. Comhdháil, 'Fís Ghaeilge Mheiriceá Thuaidh,' a mhair trí lá agus beagnach gach eagraíocht ón limistéar ann. (Cumann Carad na Gaeilge a réachtáil í, cumann a bhíodh ina chodladh, mar a deir Séamas, ach atá láidir arís.) Gaeilge á múineadh i roinnt ollscoileanna in Nua-Eabhrac – Lehman College, City University (faoi stiúir an teangeolaí Tomás Ó hÍde), New York University agus Molloy College. Feidhm á baint as Zúm le linn na paidéime chun comhrá a dhéanamh le lucht Gaeilge Nua-Eabhrac agus le daoine in Texas, California, Maryland, Oregon, Pennsylvania, gan trácht ar Éirinn, an Ghearmáin, agus an India.

Agus anois seancheist – conas an teanga a sheachadadh ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. Maíonn Séamas:

Ní minic a bhronntar an Ghaeilge ó ghlúin go glúin i Nua-Eabhrac. Déantar iarracht ar sin a dhéanamh uaireanta.... Táthar ag súil gur spreagamar suim, agus fásfaidh sé lá éigin, le cúnadh Dé. Níl aon Ghaelscoil againn chun pobal éigin a thabhairt dóibh, chun cumarsáid a fháil le páistí eile sa teanga. Ní dóigh liom gur féidir a leithéid i Nua-Eabhrac. I mo thairbh féin, feicim ar an nGaeilge mar an tsagartóireacht. Bhronntar í ar dhaoine eile agus iad fásta agus gaol ar bith acu lena chéile....

Níl pobal anseo i Nua-Eabhrac inar tógadh gach duine le Gaeilge ionas go mbeidís á labhairt lena chéile i gcónaí ón gliabhán. Ní mór foinsí na Gaeilge a fháil, idir na cumainn agus na scoileanna agus na daoine díograiseacha aonarach. Ach tá na teanga beo gan amhras againn, go háirithe ina teanga bhreise...

Is ionann an scéal seo agus an scéal mar atá sé in aon áit a bhfuil Gaeilgeoirí le fáil lasmuigh d'Éirinn, ach amháin, is dócha, gur líonmhaire Gaeilgeoirí Nua-Eabhrac ná a leithéidí in áiteanna eile. Agus tá an bonneagar ardléinn ann nach bhfaighfeá i gcathracha eile le haghaidh na Gaeilge; tá scoláirí maithe in Melbourne (áit dhúchais *An Lúibín*) ach níl aon ollscoil ag soláthar ranganna Gaeilge.



Líonraí

Irish language networks outside the Gaeltacht now have official standing, and their number seems likely to increase. The statistical evidence shows that they now represent the majority of daily and weekly speakers.

Tá Líonraí Gaeilge i bhfaisean faoi láthair. Iad luaite le ceantair lasmuigh den Ghaeltacht a bhfuil pobail Ghaeilge iontu - Cluain Dolcáin, Baile Locha Riach, Inis, Béal Feirste agus Carn Tóchair. Ba mhaithe le grúpaí i gCeatharlach, Muineachán, Cill Dara, Tamhlacht, Baile Átha Cliath Láir agus Cathair Luimnigh an t-aitheantas sin a bhaint amach. Maoiniú faighte acu ó Fhoras na Gaeilge faoin Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge chun pleananna teanga a ullmhú a ligfeadh dóibh úsáid na Gaeilge a spreagadh i gcúrsaí teaghlaigh, oideachais, gnó agus riarachain, agus i measc an phobail i gcoitinne.

Tá critéir ann. Ní foláir os cionn míle duine a bheith ina gcónaí sa cheantar. Ní mór dhá scoil lán-Ghaeilge ar a laghad a bheith páirteach san iarratas. Caithfear a thaispeáint go barantúil go bhfuil Gaeilge ar a dtoil ag 5% den phobal sa cheantar.

Fágann sin ceist an mhaoinithe agus riachtanais eile. Deir Pádraig Ó Mianáin, foclóirí agus gníomhaí pobail as Carn Tóchair, gur gá pobal Gaeilge a bhunú timpeall naíscoileanna, bhunscoileanna agus mheánscoileanna. Mhaígh sé in *Tuairisc.ie* gurbh éigean 'an dúrud oibre a dhéanamh' chun daoine óga a chur ag labhairt Gaeilge taobh amuigh den scoil mar ghnáthchaint, agus gurbh éigean 'tacaíocht leanúnach' a thabhairt do theaghlaigh atá ag tógáil páistí le Gaeilge. Choimisiúnaigh Glór na nGael taighde - *Líon agus Lonnaíocht na dTeaghlach atá ag Tógáil Clainne le Gaeilge Lasmuigh den Ghaeltacht* – a deir go bhfuil timpeall 7,000 teaghlach in Éirinn a bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga acu. 16,000 páiste a bheadh i gceist agus gan ach an ceathrú chuid acu ina gcónaí sa Ghaeltacht. Is dócha, áfach, nach gcuirtear san áireamh leanaí nach bhfuil in aois scoile.

Tá léargas éigin ar an scéal i bpolbhbhreith a rinne Ireland Thinks/The Good Information Project. Cuireadh ocht gceist ar 1,011 duine faoin dearcadh a bhí acu ar an nGaeilge, agus ulaíodh an phobalbhreith de réir aoise, inscne, réigiúin, oideachais, creidimh, tithíochta agus nósanna vótála. Measadh líofacht na ndaoine de réir a dtuairime féin. Dúirt 17% go raibh Gaeilge ar a dtoil acu - 4% díobh á labhairt minic go leor gach seachtain agus 13% díobh á labhairt anois agus arís. Daoine idir 18 agus 24 bliana is mó a dúirt go raibh siad líofa (27%). D'fhág sin an 52% a dúirt go raibh roinnt Gaeilge acu ach nár fhéad siad cláir raidió agus theilifíse a thuiscint. D'fhéadfá a rá go bhfuil 17% ró-iseal ach ní bheadh an ceart agat. I dtaca le holc, is figiúr réasúnta ard é.

Tugaimis aird arís ar fhigiúirí dhaonáireamh 2016 chun an comhthéacs a shoiléiriú. Mhaígh na figiúirí sin go raibh 20,586 cainteoir laethúil sa Ghaeltacht agus 6,284 duine eile ag labhairt Gaeilge gach seachtain. (Ó tá 96,090 duine sa Ghaeltacht Oifigiúil, ba cheart fadó na teorainneacha a athrú chun fíorlíon na gcainteoirí a léiriú, rud nach ndearna rialtas ar bith go fóill - le teann náire, is dócha.) Is deacair a dhéanamh amach cén aoisghrúpa is mó a labhraíonn Gaeilge, ach de réir na fianaise béil ní hiad na daoine óga iad.

Bhí níos mó cainteoirí laethúla sa limistéar uirbeach lasmuigh den Ghaeltacht - 23,639. Bhí 14,903 i mBaile Átha Cliath, 2,727 i gCorcaigh, 2,344 i nGaillimh, agus mar sin de. Bheadh a lán eile á labhairt gach seachtain – os cionn 100,000, b'fhéidir. Daoine óga a bhformhór, murab ionann is na cainteoirí Gaeltachta.

Dhá rud eile: bhí céim ag 49% de chainteoirí Gaeilge le hais 28% den phobal i gcoitinne, agus ba iad na mná a bhí chun tosaigh mar chainteoirí.

Féach:

<https://www.thejournal.ie/tgip-ireland-thinks-poll-5711670-Mar2022/>

<https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp10esil/p10esil/ilg/>



Tuarascáil dhrochmhisniúil

A new report covering the period 2016-2020 indicates that the results of learning Irish in English-medium primary schools are less than impressive – a conclusion that will surprise few.

Ábhar gan idiú: staid na Gaeilge i scoileanna na hÉireann. Cuirfear suim i dTuarascáil an Phríomhchigire 2016-2020 agus í bunaithe ar nach mór 10,000 cigireacht, in éineacht le taighde agus le hobair chomhairleach. Admhaíonn sí gur ábhar inmí iad torthaí foghlama na ndaltaí a bhí ag foghlaim Gaeilge i mbunscoileanna Béarla.

Croí-ábhar is ea an Ghaeilge, agus dealraíonn sé go bhfuil an caighdeán i bhfad níos ísle ná mar atá i gcroí-ábhair eile. Maíodh go raibh cáilíocht foghlama na ndaltaí 'go maith nó go han-mhaith' sa chuid is mó de na scoileanna, tuairim nach bhfuil an oiread sin céille léi agus a laghad sin Gaeilge ag mórán daltaí fós nuair a théann siad ar an meánscoil. Deir an tuarascáil nach mór deis níos mó a thabhairt do na daltaí Gaeilge a úsáid le linn na gceachtanna, cuspóir ba dheacair a bhaint amach agus gan Gaeilge ar a dtoil ag cuid mór de na múinteoirí féin. Deirtear freisin go bhféadfaí breis feidhme a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach.

Tá roinnt bunfhadhbanna ann i gcónaí:

*Easpa líofachta ar mhúinteoirí (mar a luadh thuas);

*Gan machnamh ceart a bheith déanta ar céard is príomhchuspóir don Ghaeilge éigeantach – bunlíofacht nó stádas siombalach amháin;

*Gan mórán áiteanna a bheith ann lasmuigh den scoil a bhféadfaí do chuid Gaeilge a chleachtadh.

Tá obair le déanamh.



Fonóta: an Úcráin (3)

Tagann deireadh le gach cogadh – trí bhua, díomua, comréiteach, tnáitheadh. Ní fada atá an comhrac ar siúl san Úcráin, ach rinneadh an oiread sin dochair d'fhórsaí na Rúise gur léir gur chaill cuid acu an smacht a bhí acu orthu féin. Ní scéal nua é sin agus an oiread sin cogaí lenár linn féin a raibh gníomhartha uafáis ag baint leo, san Eoraip, san Afraic agus sa Mheánoirthear. Ní admhaíonn ceachtar den dá thaobh cá mhéad dá saighdiúirí atá marbh, cé gur dócha go bhfuil deich míle Rúiseach marbh ar a laghad. Agus sin gan trácht ar na mílte sibhialtach, mná, páistí, fir.

Má dhéanann an dá pháirtí sa chogadh seo comhréiteach, is í an Úcráin is mó a bheidh thíos leis. Is dócha go gcaillfidh sí an Donbas in oirthear na tíre, an Chrímé agus cuid den deisceart mar chúiteamh ar chlabhsúr. Ní margadh é a thaitneoidh leis an Uachtarán Zelensky ná le cuid mhaith den phobal. Ach uaireanta caithfear an diabhal is a mháthair a dhíol.

Seo roinnt ailt agus eile a bhaineann leis an gcogadh úd:

<https://www.bbc.com/news/av/world-europe-60905198>

Dídean i mainistir sa Rómáin

[https://www.bing.com/videos/search?](https://www.bing.com/videos/search?q=al+jazeera+ukraine&docid=13909600115778&mid=0681586DBEDED45A757A0681586DBEDED45A757A&view=detail&FORM=VIRE)

[q=al+jazeera+ukraine&docid=13909600115778&mid=0681586DBEDED45A757A0681586DBEDED45A757A&view=detail&FORM=VIRE](https://www.bing.com/videos/search?q=al+jazeera+ukraine&docid=13909600115778&mid=0681586DBEDED45A757A0681586DBEDED45A757A&view=detail&FORM=VIRE)

Guthanna ón Úcráin

<https://www.bbc.com/news/world-europe-61038811>

An foréigean agus na mná

<https://tuairisc.ie/ar-cheart-do-na-meain-ghaeilge-ardan-a-thabhairt-do-dhuine-ata-go-neamhleithscealach-ar-thaobh-na-ruise/>

Nadia Dobrianska

<https://tuairisc.ie/ta-sraid-mo-dhuchais-san-ucrain-in-aice-leis-an-line-thosaigh-agus-an-sleacht-mire/>

Yaroslav Kosak

<https://tuairisc.ie/anailis-mhileata-seacht-seachtaine-o-thus-ionradh-na-ruise-cad-a-tharlóidh-anois/>

<https://tuairisc.ie/anailis-mhileata-níl-forsai-na-hucraine-gan-a-mbuntaisti-fein-sa-donbas/>

Máirtín Ó Duibhir, Iar-anailísí míleata le hÓglaigh na hÉireann



Cúrsaí timpeallachta

Deatach

Nuair a rinne eolaithe grinnstaidéar ar na tinte móra san Astráil in 2019 agus in 2020 rinneadh amach go ndearna siad dochar don atmaisféar - laghdú 1% ar an gciseal ózón. Cosnaíonn an ciseal gach rud beo ar radaíocht ultraivialait. Déantar méadú 2% ar ailse chraicinn de réir gach cailteanas de 1%. Bhí a fhios ag eolaithe cheana go bhféadann truailléain ceimic an atmaisféir a athrú ag airde níos ísle ach ní raibh súil acu go bhfaighidís cáithníní imoibríocha ann. Déantar athrú ar cheimic an chlóirín go háirithe. Tiontaíonn an deatach móilíní atá bunaithe ar chlóirín ina gcomhdhúile níos gníomhaí agus scriosann siad an t-ózón. Baineann deatach na dtinte móra an straitisféar amach, áit ar féidir leis na cáithníní deataigh díobháil a dhéanamh. Síltear go mbeidh méadú 30% ar thinte móra faoi 2050 agus méadú 50% faoi dheireadh na haoise.

Seodra na spás

Céard a déarfai le pláinéad lasmuigh dár ngrianchóras féin (i.e. 'eiseapláinéad') agus báisteach ag titim air atá déanta de rúbín agus de shaiffr. Pláinéad ollmhór te atá i gceist agus WASP-121b air mar ainm eolaíoch. Chonaic ceamara speictreascópach de chuid Theileascóp Spáis Hubble é agus rinneadh samhail thríthoiseach de dá réir. Deifríonn sé timpeall a ghréine le fithis tríocha lá agus aghaidh taoibh amháin rr an ngrian i gcónaí. Síltear go bhféadfadh gotha a bheith ag séideadh tiotáiniam agus alúmanam galaithe ón taobh te go dtí an taobh oíche, áit a dtagann siad anuas ina mbraonta miotail – rúbín agus saiffr.

Seilidí



Sliogáin de chuid an tseilide dhathannaigh.
Wikimedia Commons

Sánn an seilide Cúbach dathannach (*Polymita picta*) saighead chailceach i bpáirtithe cúplála chun gnéas-hormóin a sheachadadh. Tá na seilidí idir bhaineann agus fhireann le chéile, ach ní féidir leo iad féin a thoirchiú. Síolraíonn siad sa séasúr báistí agus maireann siad bliain nó dhó. Níl siad le fáil ach i stráice chaol talún cois farraige in oirthear Chúba, ach gheofá ina lán gnáthóg iad, áiteanna an-tirime, foraois bháistí agus eile. Itheann siad crotal agus caonach ar choirt. Tá siad i mbaol de dheasca scriosadh gnáthóige agus póitseála.

Féach:

*<https://insideclimatenews.org/news/17032022/megafire-stratosphere/>

*https://insideclimatenews.org/news/28032022/smoke-waves-wildfires/?utm_source=InsideClimate+News&utm_campaign=e91ca54331-&utm_medium=email&utm_term=0_29c928ffb5-e91ca54331-328553180

*https://physicsworld.com/a/liquid-metal-ruby-and-sapphire-could-rain-down-on-huge-exoplanet/?utm_source=Nature+Briefing&utm_campaign=00d48fce33-briefing-dy-20220321_COPY_01&utm_medium=email&utm_term=0_c9dfd39373-00d48fce33-46634430

*https://tbg.senckenberg.de/molluscoftheyear-2022/?utm_source=Nature+Briefing&utm_campaign=00d48fce33-briefing-dy-20220321_COPY_01&utm_medium=email&utm_term=0_c9dfd39373-00d48fce33-46634430

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Trí dhán le Colin Ryan

As láthair

Agus cuimhneoidh tú
ar an taibhreamh solasmhar
ar an seomra úd
lán de throsacán d'óige
seanbhord le vása
cathaoireacha seanchaite
is scáthán geal
atá folamh ó do cholainn
folamh ó smál do bheatha

I nGairdín

Mias chré-umha

lán d'uisce
capall cré-umha
ar tí ól

na crainn ina dtost
na crainn
ar a n-aire

Hata

Chnag sé ar an doras
a aghaidh crochta i scáthanna
is chaith siad an oíche
ag cíoradh a raibh i bhfolach:

ag imeacht dó dhealaigh an ghaoth
ó chéile é
is a hata fágtha ar an mbord
líonta le scáthanna
le cogar a anama